# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

**02 Feabhra 2023** || Eagrán 132

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh agus deis a thabairt daoibh bheith páirteach i *Scéal, Scéal, Scéal...* Tá fáilte 's fiche romhaibh altanna, scéalta, filíocht nó léirmheas fiú a réiteach agus a sheoladh chugainn don nuachtlitir, chuile sheachtain! Chomh maith le sin, cuireann muid fáilte roimh chomhfhreagras ón bpobal maidir le bealaí ar bith gur féidir linn cúnamh nó tacaíocht a thabhairt daoibh. Is féidir teacht orainn in Inis Fáil, sa Spidéal (trasna ón séipéal) nó ag 083 010 6294 nó optchoisfharraige@gmail.com**




# CRIOS BHRÍDE I GCOIS FHARRAIGE

Is fiú go mór breathnú ar an bhfíseán 'Deisbhéalach: Crios Bhríde' a réitigh Gaeloideachas i gcomhar le hOllscoil na Gaillimhe roinnt blianta ó shin. Tá cur síos ann ar an gCrios Bhríde, ball agus nós atá ligthe i ndearmad sa bpobal le tamall anuas. Aithneoidh sibh roinnt de na rannpháirtithe. Tá Neain Pheaidí agus a fear Tom Pheaidí ann, beirt atá ar shlí na Fírinne anois faraor, agus is breá go deo éisteacht leo ag cur síos go deisbhéalach ar an gcrios. Tá lucht aitheantais eile as an gceantar ann: cuirigí ainmneacha orthu agus insigí dúinn cé hiad ag optchoisfharraige@gmail.com Is féidir an físeán a fheiceáil ag an nasc seo: https://www.youtube.com/watch?v=Zj_Y29PpsHE

# CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Tháinig Club Leabhar Chois Fharraige ar ais le chéile tar éis briseadh na Nollag le gairid. Bhí sé i gceist trí leabhar a phlé ach socraíodh ceann acu, 'Tonn Teaspaigh' le hAilbhe Ní Ghearbhuigh, a phlé ag an teacht le chéile a bheas ag an gclub ar an gCéadaoin 8ú Feabhra. Mar is iondúil, is i dTigh Mholly a thiocfaidh an Club Leabhar le chéile. Cnuasach filíochta é 'Tonn Teaspaigh'. Thug an díolaim seo duais filíochta an Oireachtais léi i mbliana agus bhronn Poetry Ireland duais ar an dán 'Litir ó Barcelona' as an gcnuasach céanna. Pléann Ailbhe dúshláin agus lúcháir na banúlachta agus an mháithreachais i saol an lae inniu sa mbailiúchán álainn seo agus tá aiste an-bhreá, an-ghéarchúiseach i dtús an leabhair ag Daniela Theinová, léachtóir in Ollscoil Shéarlais i bPrág.



# ÓCÁID EOLAIS @ SEANSCOIL SAILEARNA

Tá ocáid eolais á eagrú ag Comharchumann Shailearna (Pobal Fuinnimh Inmharthana) ar an gCéadaoin 8ú Feabhra 2023 i Sheanscoil Sailearna ó 6-8i.n. Beidh an Dr. Orla Nic Suibhne i láthair thar cheann an SEAI chun eolas a thabhairt ar dheontais de chuid an SEAI. Beidh urlabhraí ón gcomhlacht 'Kore Retrofit' ann ag tabhairt eolais faoin gcóras 'siopa ilfhreastail - One Stop Shop' freisin. Chomh maith le sin, beidh Pádraic Mac Aodha ón gClár Éifeachtach Fuinnimh ag labhairt faoi dheontais fuinnimh pobail SEAI 2023. Beidh seastáin eolais ag comhlachtaí áitiúla ag an ócáid freisin. Ina measc, beidh OCI Seirbhísí Inslithe, an leictreoir Patrick Lynch a bhíonn ag plé le luchtairí EV agus painéil ghréine, 'Unitherm Galway' - caidéil teasa, Ruairí Ó Néill (painéil ghréine) agus Peadar Tierney a bhíonn ag plé le seirbhísí inslithe chomh maith. Beidh ionadaithe ó Chomhar Creidmheasa Cholmcille Teo i láthair freisin le comhairle a thabhairt maidir le iasachtaí.

# BRONNADH & BUA DO CLG MICHEÁL BREATHNACH

Bhronn Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga seaicéid ar fhoireann iomána CLG Micheal Breathnach tamall ó shin nuair a bhí an fhoireann ag imirt in Albain, i gCraobh Iomain Cholmcille. D'imir an fhoireann go hiontach, ag éirí leo an corn a bhuachan! Sa bpictiúr,ó chlé, tá Breandán Mhaidhc Ó Conghaile (Captaen), Katie Ní Loingsigh & Aoife Ní Chonghaile ón bhFóram, Cian Ó Flatharta (Rúnaí CLG MB) agus Cárthach Bán Breathnach (Comhordaitheoir Iomána an Chlub).



# COLÁISTE CHOLMCILLE AG SCIÁIL SAN IODÁIL

Chaith muid seachtain san Iodáil ar thuras scoile. Chuaigh rang idirbhliana scoil s'againne ann le scoláirí ó na hoileáin Árainn. Fuair muid an bus go Baile Átha Cliath agus d'eitil muid as sin go Milan. Stop muid ar dtús i Verona, áit a chonaic muid roinnt mhaith rudaí stairiúla ar nós Colasaem mór. Chuaigh muid ó Verona ansin go dtí Lavorone agus is anseo a chaith muid an chuid eile den tseachtain. An chéad lá eile chuaigh muid ag sciáil. Bhí sé deacair ar dtús. Bhí an- spraoi againn, thit muid go minic ach d'éirigh muid agus tháinig feabhas orainn. Bhí ranganna againn gach lá le teagascóir sciála oilte - rud a chuidigh go mór linn. Bhí an áit go hálainn agus ba bhreá linn dul ar ais uair éigin.

Scríofa ag Dylan & Evan - Rang na hIdirbhliana





# TRÁTH NA GCEIST

Beidh Tráth na gCeist ag Cumann Sacair Chois Fharraige ar an Aoine 17ú Feabhra. Cuirfear tús leis an oíche @ 8i.n. i dTigh Chualáin. Beidh crannchur ar an oíche, agus gearrfar táille de €40 ar bhord de cheathrar le clárú. Le níos mó eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gcumann ar a gcuntas Facebook: Cumann Sacair Chois Fharraige.

# BÍGÍ LINN!







Is muide

## CUMANN CAMÓGAÍOCHTA CHOIS FHARRAIGE

# GLAC PÁIRT

aclaíocht, comhluadar,
cairdeas... agus neart spraoi!

### TRAENÁIL FAOI DHÍON AG TOSÚ GO LUATH

do chailíní 6 bl.+ d'aois
fáilte roimh imreoirí nua

ag tosú 11/02/23 @ 10rn
Scoil Sailearna

### DÉAN TEAGMHÁIL LINN

Máirtín 086 4084033 | Caitríona 087 7600689 | coisfharraige21@gmail.com

## CLÁRAIGH AR FOIREANN.IE

# RANGANNA GAEILGE

do Thuismitheoirí

**Ranganna Gaeilge do:**
**Thuismitheoirí (Tosaitheoirí)**

Irish Classes for Parents (Beginners)

Cúrsa 6 seachtaine @ **€20**

**Déardaoin 9ú Feabhra**
**Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)**



Moltar clárú roimh ré ag
**optchoisfharraige@gmail.com**
(register early to avoid disappointment)

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

# FOLÚNTAS LE COMHARCHUMANN SHAILEARNA

Tá post mar chomhordaitheoir tionscadail fógartha ag Comharchumann Shailearna Teo. Duine cruthaitheach tionscantach atá á lorg. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Oifig an Chomharchumainn ag Seanscoil Sailearna, sna hAille, Indreabhán. Tá níos mó eolais le fáil faoin bpost ar shuíomh idirlín an Chomharchumainn: www.cst.ie nó trí ríomhphost a chur ag an seoladh sailearna@gmail.com. Le cur isteach ar an bpost is gá litir iarratais a sheoladh chomh maith le CV chuig: An Bainisteoir, Comharchumann Sailearna Teo., Indreabhán. Beidh sonraí teagmhála de bheirt mholtóirí riachtanach.

# SEISIÚN AMHRÁNAÍOCHTA AR AN SEAN-NÓS

Beidh Seisiún Amhránaíochta ar an Sean-Nós ar siúl ar an Déardaoin 2ú Feabhra i dTigh Chualáin ar an gCoill Rua, Indreabhán. Cuirfear tús leis an seisiún @ 7.30 go dtí 9i.n. Tá sé i gceist seisiún a bheith ann go rialta ar an gcéad Déardaoin de chuile mhí. Deis iontach a bheas ann do dhaoine amhránaíocht ar an sean-nós a chleachtadh agus a chloisteáil! Beidh fáilte roimh amhránaithe agus éisteoirí de gach aois.



# RANGANNA GAEILGE

do Thosaitheoirí

**Ranganna Gaeilge do:**
**Thosaitheoirí**
(Irish Classes for Beginners)

Cúrsa 6 seachtaine @ **€20**

**Dé Máirt 7ú Feabhra**
**Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)**



Moltar clárú roimh ré ag
**optchoisfharraige@gmail.com**
(register early to avoid disappointment)

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# GRÚPA ACLAÍOCHTA DO MHNÁ

Tá grúpa aclaíochta do mhná á bhunú ag CLG Micheál Breathnach. Cuireadh tús leis an togra ar an Máirt 17ú Eanáir agus leanfar leis, go seachtainiúil @ 7i.n. ar Pháirc Astro CLG Micheál Breathnach. Tá an grúpa feiliúnach do mhná aois 17+, agus níl aon ghá clárú roimh ré. Beidh na seisiúin go hiomlán neamhfhoirmeálta - is féidir rith/siúl ag do luas féin. Beidh táille €3 san oíche á ghearradh ar rannpháirtithe le dul i dtreo costas na soilse. Le tuilleadh eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh le Frances (086 889 2180) nó le Fionnuala (086 888 9566)



# AISTEOIRÍ AN SPIDÉIL

Tionólfar cruinniú d'Aisteoirí an Spidéil in Inis Fáil sa Spidéal ar an Mháirt an 7 Feabhra ag 8.30 i.n. Chuir an cumann an léiriú breá "Le Cion ar Joe", seó in ómós dá n-iarbhall Joe Steve Ó Neachtain ar an ardán aimsir na Féile Pádraic anuraidh. Leagfar amach clár oibre do 2023 ag an gcruiniú ar an Máirt. Cuirfear fáilte ar leith roimh bhaill nua. Ní aisteoirí amháin a theastaíonn i gcumann drámaíochta; bíonn lucht soilse, dearthóirí agus tógálaithe seite, lucht cultacha agus riarthóirí ag teastáil freisin. Tapaigh an deis agus glac páirt sa gcumann bríomhar, cairdiúil seo. Tá tuilleadh eolais ar fáil ach glaoch a chur ar 086-2732279.